Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais MÄNNYSTRIE O Lear

INVESTOR IN PEOPLE

ACHOIMRE TAIGHDE

ISSN 1366-803X

RB 3/2004 Samhain 2004

FORBAIRT GHAIRMIÚIL NA MÚINTEOIRÍ AGUS NA BPRÍOMHOIDÍ IN EARNÁIL NA GAELSCOLAÍOCHTA

Príomhthorthaí

- Bhí 7% de na múinteoirí a ndearnadh suirbhé orthu nach raibh cáilíocht acu a thabharfadh an stádas “cáilithe le teagasc a dhéanamh” dóibh. Múinteoirí ionaid, áfach, a bhí sna daoine sin amach ó bheirt. Ní raibh eilimint a bhaineann leis an ghaelscolaíocht go sonrach sna cáilíochtaí a bhí ag ceathrar múinteoirí as gach deichniúr agus ag seachtar príomhoidí as gach deichniúr.

- Rinne múinteoirí freastal ar chúrsaí INSET rud beag níos lú ná 600 uair sa dá bhliain atá thart. Is ionann sin is a rá gur fhreastail gach múinteoir ar chúrsa inseirbhíse sé huaire ar an mheán. D’fhreastail príomhoidí ar chúrsaí INSET beagán níos lú ná 100 uair; is ionann sin agus 5 chruinniú an príomhoide ar an mheán. D’fhreastail formhór mór na múinteoirí agus na bpríomhoidí ar chúrsaí INSET a bhí i mBéarla agus bhí 10% acu i láthair ag cúrsaí a reáchtáladh i nGaeilge.

- Thug amach is isteach ar leath na múinteoirí grád ard nó an-ard do na cúrsaí INSET ar fhreastail siad orthu ó thaobh cé chomh húsáideach agus a

Northern Ireland Statistics & Research agency

© Crown Copyright 2004

bhí siad don teagasc agus don fhoghlaim sa seomra ranga, ar cá mhéad a rachadh siad chun sochair dóibh ina bhforbairt ghairmiúil agus ar chaighdeán an tsoláthair, an ábhair agus na n-acmhainní.

- Thug níos mó ná trí cheathrú de na príomhoidí moladh ard nó an-ard do na cúrsaí INSET ar fhreastail siad orthu ó thaobh cé chomh dlúth agus a bhain siad leis an ról a bhí acu faoi láthair, agus mhol dhá thrian acu na cúrsaí mar an gcéanna ó thaobh cá mhéad a rachadh siad chun sochair dóibh ina bhforbairt ghairmiúil. Thug rud beag níos mó ná leath na bpríomhoidí grád ard nó an-ard do chaighdeán an tsoláthair, an ábhair agus na n-acmhainní.

- Thug roinnt soláthróirí INSET le fios, dá mbeadh ábhair agus acmhainní ar fáil i nGaeilge, go laghdófaí ualach oibre na múinteoirí mar ní bheadh orthu aistriúchán a dhéanamh chun iad a úsáid le daltaí sa rang. Le go bhféadfaí sin a dhéanamh, áfach, bheadh tuilleadh acmhainní, stiúrach agus treorach de dhíth ar lucht soláthair na gcúrsaí leis an ábhar traenála a aistriú. Cé go raibh roinnt acmhainní agus ábhar ar fáil i nGaeilge, ba é an tuairim a bhí ag bunús na ndaoine gur cuireadh an chuid is mó d'acmhainní agus d'ábhair INSET ar fáil i mBéarla.

RÉAMHRÁ

1. Is iad na múinteoirí agus na príomhoidí an fhoinse is luachmhaire atá ag scoileanna agus cuidíonn an infheistíocht leanúnach ina bhforbairt ghairmiúil, trí chúrsaí INSET, le cáilíocht agus caighdeáin fhoghlaim agus ghnóthachtáil na ndaltaí a ardú. Sholáthair Andrews (1995) cuntas stairiúil ar sholáthar INSET chun an Ghaeilge a fhorbairt i scoileanna ar fud Thuaisceart Éireann. Thagair sé do sholáthar INSET don Ghaeilge i mbunscoileanna lán-Ghaeilge agus chuir sé béim ar leith ar an ghá atá ann le INSET chun cuidiú le téacsleabhair agus ábhair teagaisc a chur ar fáil. Thacaigh Foireann Cigireachta Oideachais agus Traenála (FCOT) leis an ghá sin i ndiaidh dóibh suirbhé a dhéanamh ar an soláthar a dhéantar do riachtanais speisialta oideachais (RSO) i mbunscoileanna lán-Ghaeilge. Fuair a suirbhé amach go raibh "ganntanas sainacmhainní cuí teagaisc agus foghlama don ghaelscolaíocht ar nós scéimeanna grádaithe léitheoireachta, ábhair a chuidíonn le daltaí a bhfuil fadhbanna léitheoireachta acu agus bogearraí theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (TFC)". Lean an FCOT ar aghaidh agus chuir béim ar chomh tábhachtach agus atá sé aghaidh a thabhairt ar an ghanntanas sin.

2. Mhol Mac Póilin (1992) gur chóir maoiniú a chur ar fáil le haghaidh INSET sainiúil agus comhairle do mhúinteoirí sna gaelscoileanna maidir lena riachtanais forbartha gairmiúla. Bhí gá le INSET sainiúil blianta ina dhiaidh sin, de réir an FCOT (1999), mar fuair siad amach, cé gur úsáid beagnach gach duine de chomhordaitheoirí RSO na ngaelscoileanna sa suirbhé roinnt INSET ar riachtanais speisialta oideachais, bhí na deiseanna INSET teoranta maidir le riachtanais speisialta oideachais sa ghaelscolaíocht. Lean siad leo, áfach, agus chuir siad béim ar an méid seo a leanas: "níor bhain na scoileanna úsáid as an INSET uile a díríodh ar earnáil na gaelscolaíochta" agus "is gá do bhaill foirne sna gaelscoileanna réimse níos leithne de dheiseanna INSET a thapú mar aon le tacaíocht a fháil ó ghníomhaíochtaí seachtracha".

3. Chuir Comhairle na Gaelscolaíochta (2003) tuarascáil le chéile dar teideal *Three Year Training Plan 2003-2006*. Rinneadh tagairt sa tuarascáil do roinnt príomhcheisteanna traenála a bhaineann le múinteoirí sa ghaelscolaíocht. Mar shampla, níor cuireadh ach ceithre chúrsa INSET ar fáil d'earnáil na gaelscolaíochta amháin ar laethanta a mbíonn na scoileanna druidte go heisceachtúil, mar aon le cúrsa leathlae amháin a

dhírigh ar athbhreithniú an churaclaim sa bhliain 2002. Mhol an tuarascáil "soláthar ceart traenála" agus traenáil shonrach sa ghaelscolaíocht agus í ag díriú ar na nithe seo a leanas, mar shampla: straitéisí litearthachta agus uimhríochta, tumoideachas, measúnú, ionduchtú, agus luathfhorbairt ghairmiúil, riachtanais speisialta oideachais agus ranganna ilchodacha. Moladh gur chóir ábhar INSET a chur ar fáil i nGaeilge, agus gur chóir machnamh ar INSET ó thaobh na gaelscolaíochta de, i gcomhairle le comhairleoirí ó réimse na gaelscolaíochta. D'aithin an tuarascáil go raibh fadhb ann ó thaobh múinteoirí ionaid cuí a fháil chun múinteoirí a scaoileadh saor chun freastal ar chúrsaí INSET le linn uaireanta scoile, agus mar sin moladh gur chóir INSET sainiúil, a dhíríonn ar an ghaelscolaíocht amháin, bheith ann taobh amuigh d'uaireanta scoile, rud a thabharfadh deis do mhúinteoirí sna gaelscoileanna bualadh le chéile go rialta chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna ar an churaclam agus smaointe a mhalartú ar chúrsaí teagaisc. Lena chois sin thug an tuarascáil le fios, cé go gcuireann líon beag múinteoirí ó ghaelscoileanna isteach ar chúrsa i nGaeilge, gur chóir a aithint gurb ionann an líon sin agus céatadán suntasach d'earnáil iomlán na gaelscolaíochta.

Aidhmeanna agus Spriocanna an Taighde

4. Seo a leanas an dá phríomhaidhm a bhí ag an taighde a rinneadh don tuarascáil seo:

- imscrúdú a dhéanamh ar an soláthar reatha a dhéantar do bhunoiliúint múinteoirí (BOM) agus d'fhorbairt ghairmiúil na múinteoirí agus na bpríomhoidí in earnáil na gaelscolaíochta i dTuaisceart Éireann; agus

- eolas a thabhairt do lucht déanta polasaí ar na socruithe a bheas ann san am atá le teacht d'fhorbairt ghairmiúil na múinteoirí agus na bpríomhoidí mar atá mionsonraithe thuas.

5. Bhí trí sprioc ann de bharr an dá aidhm sin:

- imscrúdú a dhéanamh ar sholáthar BOM do mhúinteoirí i ngaelscoileanna i dTuaisceart Éireann agus a fháil amach cé na cáilíochtaí a fuair siad. Tá an t-eolas sin leagtha síos taobh le faisnéis atá ar fáil faoi sholáthar BOM, agus cáilíochtaí múinteoirí, i dTuaisceart Éireann go ginearálta;

- faisnéis a bhailiú faoi sholáthar INSET ghairmiúil, bíodh sin ginearálta nó sonrach, agus a fháil amach cá mhéad duine a fhreastalaíonn ar na cúrsaí sin, agus cad iad na deiseanna tacaíochta atá ann, fad a bhaineann seo le múinteoirí agus príomhoidí i ngaelscoileanna;

- faisnéis a bhailiú ó bhaill foirne i ngaelscoileanna agus anailís a dhéanamh ar na tuairimí atá ar fáil inti maidir le réimse agus caighdeán an INSET ghairmiúil agus na ndeiseanna tacaíochta a fuair siad.

PRÍOMHTHORTHAÍ

6. Cuireadh cúrsaí INSET ar fáil do ghaelscoileanna amháin san am a chuaigh thart; ar dhá ócáid, áfach, níor reáchtáladh an cúrsa mar ní raibh go leor múinteoirí ón earnáil sin sásta páirt a ghlacadh ann, mar shampla, ag Scoil Samhraidh agus Coláiste Ollscoile.

7. Tá leath na múinteoirí i ngaelscoileanna 30 bliain d'aois nó níos lú. Tá trí cheathrú acu ag teagasc ina gcuid scoileanna reatha le sé bliana nó níos lú, agus tá an cúigiú cuid acu nár thosaigh go dtí anuraidh. Go ginearálta, tá sé bliana nó níos lú de thaithí múinteoireachta ag leath na múinteoirí.

8. Tá trian na bpríomhoidí sna gaelscoileanna faoi bhun 35 bliain d'aois. Tá an mhórchuid acu (90%) ag gabháil don phost sin sa scoil le sé bliana nó níos lú, ach tá an cúigiú cuid acu beagnach nár thosaigh ag gabháil dó sin go dtí anuraidh. Tá níos lú ná 15 bliana de thaithí múinteoireachta ag trian na bpríomhoidí. Tá ceathrar as gach deichniúr príomhoidí atá ag teagasc fosta.

9. Mhol múinteoirí réimse de chúrsaí INSET go hard ó thaobh ábharthachta, buntáistí agus cáilíochta, mar shampla, litearthacht, uimhríocht, teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (TFC), traenáil sa mheasúnú, teagasc agus foghlaim, agus bainistíocht iompraíochta. Bhí sé sin fíor fosta i gcás na bpríomhoidí maidir le cúrsaí a bhain le bainistíocht agus ceannaireacht scoileanna, TFC, bainistíocht iompraíochta agus cosaint páistí. Tugadh réimse de chúiseanna éagsúla leis na hardmholtaí sin. Maidir le cúrsaí INSET ar litearthacht, uimhríocht agus TFC, ba iad na cúiseanna a bhí ann gur cuireadh na nithe seo a leanas ar fáil: smaointe praiticiúla a raibh eolas úsáideach iontu, gníomhaíochtaí, straitéisí agus

comhairle chun scileanna na múinteoirí a fhorbairt agus chun teagasc agus foghlaim sa seomra ranga a fheabhsú go cruthaitheach. Bhí sé sin fíor go háirithe nuair a tugadh acmhainní sármhaithe mar thacaíocht leis na cúrsaí. Lena chois sin, d'fháiltigh na múinteoirí roimh fhaisnéis a choinnigh cothrom le dáta iad maidir le forbairtí nua oideachais, mar aon le smaointe agus acmhainní nua a chuir lena gcuid scileanna teagaisc nó a thug cothrom le dáta iad. Bhí tairbhe le baint fosta as na múinteoirí a chur ar an eolas ar straitéisí nua teagaisc agus teicníochtaí a bhaineann le cur i bhfeidhm na straitéisí litearthachta agus uimhríochta. Chomh maith leis sin, bhí sochar le baint as scileanna TFC na múinteoirí a fheabhsú ionas go mbeadh siad ábalta TFC a úsáid go héifeachtach mar uirlis foghlama sa seomra ranga. Nuair a cuireadh INSET i láthair go maith, nuair a cuireadh na hacmhainní cuí ar fáil léi, agus nuair a choinnigh sé suim na múinteoirí, fuarthas amach ansin go raibh ardchaighdeán ann. Bhí an scéal amhlaidh fosta nuair a bhí soláthróirí na gcúrsaí breá eagraithe, nuair a bhí eolas maith acu ar an ábhar, agus nuair a bhí siad eolach ar na deacrachtaí a d'fhéadfadh bheith ann i dtaca le teagasc i seomra ranga de. Mar sin féin, bhí imní ann go fóill faoi ghanntanas na n-ábhar agus na n-acmhainní a cuireadh ar fáil don ghaelscolaíocht amháin, rud a d'fhág go raibh ualach oibre níos troime ar na múinteoirí mar go mbíodh orthu gach ní a aistriú sula n-úsáidfí sa seomra ranga é.

10. Mhol príomhoidí na cúrsaí INSET a bhain le bainistíocht agus ceannaireacht na scoileanna, TFC, bainistíocht iompraíochta agus cosaint páistí mar gur cuireadh leis na scileanna agus na straitéisí a bhí acu chun déileáil leis na nithe seo a leanas: bainistíocht, baill foirne a spreagadh agus a thraenáil, polasaithe scoile a fhorbairt agus an scoil a stiúradh i modh éifeachtach. Dar leis na príomhoidí, bhí tairbhe le baint as teoiric agus cleachtas na dea-bhainistíochta a scrúdú fosta agus plé a dhéanamh ar shaincheisteanna a raibh spéis ag príomhoidí eile iontu; shíl na príomhoidí go ndearna sin sochar dá bhforbairt ghairmiúil féin. Measadh go raibh na cúrsaí an-mhaith nuair a d'éirigh leis na soláthróirí aird na bpríomhoidí a choinneáil, nuair a léirigh siad saineolas ar na hábhair, agus nuair a bhí idirghníomhú agus plé mar chuid den chúrsa. Bhí sé sin fíor fosta nuair a bhí acmhainní sármhaithe nua-aimseartha ag cur leis an fhaisnéis.

11. Cuid mhaith de na cúrsaí INSET ar an litearthacht a reáchtáiltear i láthair na huaire, shíl roinnt múinteoirí nach bhfreastalaíonn siad ar riachtanais

speisialta na ngaelscoileanna, mar gheall ar acmhainní agus treoirlínte atá dírithe ar scoileanna lán-Bhéarla agus atá deacair a aistriú go dtí earnáil na gaelscolaíochta. Moladh gur chóir treoir agus tacaíocht a bheith ann maidir leis an dóigh is fearr chun Béarla a theagasc i ngaelscoil, mar aon le cúrsaí INSET agus acmhainní i nGaeilge faoi choinne straitéisí litrithe, agus faoi choinne teagasc na fónaice agus na fónagrafaice. Thagair múinteoirí do na réimsí seo a leanas: léitheoireacht chruthaitheach, scríbhneoireacht agus súgradh struchtúrtha; shíl siad gur chóir iad a chur in oiriúint don ghaelscolaíocht. Thug múinteoirí le fios fosta go raibh ganntanas traenála agus acmhainní ann sna réimsí seo a leanas in earnáil na gaelscolaíochta: ceol, dráma, corpoiliúint.

12. I gcás na matamaitice, na heolaíochta agus na tíreolaíochta thug múinteoirí le fios go raibh gá le INSET agus é ag díriú ar riachtanais teanga agus téarmaíochta go sonrach sna réimsí sin den churaclam. Rinneadh pointe eile fosta: moladh gur chóir cúrsaí INSET a bheith ann ar acmhainní sonracha do TFC chun freastal ar riachtanais na gaelscolaíochta.

13. Ba léir ón méid a dúirt roinnt múinteoirí agus príomhoidí gur shíl siad gur chóir go mbeadh cúrsaí INSET á reáchtáil i nGaeilge mar is í sin an teanga a úsáidtear chun na páistí a theagasc sa scoil. Na straitéisí a úsáidtear sna scoileanna lán-Bhéarla, ní féidir i gcónaí iad a chur i bhfeidhm sna gaelscoileanna. D'fhéadfadh sé cuidiú le téarmaíocht a chur ar fáil agus acmhainní a sholáthar do litearthacht, uimhríocht, TFC, srl. i nGaeilge; d'fhéadfadh sé scileanna litearthachta na múinteoirí a fhorbairt agus straitéisí a fhorbairt a d'fhéadfadh múinteoirí a úsáid sa seomra ranga; d'fhéadfadh sé díriú ar theagasc i gcomhthéacs na gaelscolaíochta; d'fhéadfadh sé múinteoirí a spreagadh chun úsáid a bhaint as an ábhar a thugtar amach ag na cúrsaí INSET agus forbairt a dhéanamh air; d'fhéadfadh sé forbairt teanga a chur chun tosaigh; agus d'fhéadfadh sé ualach oibre na múinteoirí sna gaelscoileanna a laghdú sa mhéid is nach mbeadh orthu am a chaitheamh ag gabháil don aistriúchán.

14. B'amhlaidh go raibh múinteoirí go mór i bhfách le freastal ar chúrsaí INSET, go háirithe dá mbainfeadh an cúrsa le post/dualgais an mhúinteora nó dá ndéanfadh sé sochar do riachtanais na scoile. Don chuid is mó, cuireadh faisnéis faoi chúrsaí INSET ar fáil sna seomraí foirne. Mar sin féin, anois is arís ní raibh roinnt múinteoirí ábalta freastal ar na cúrsaí mar nach raibh

múinteoirí ionaid cuí le fáil, agus tagraíodh dó sin mar a bheadh fadhb ann corruair.

15. Ní bhfuair roinnt múinteoirí, áfach, aon tacaíocht ná faisnéis ón scoil maidir le INSET, agus bhí leisce ar roinnt múinteoirí eile cead a iarraidh freastal ar chúrsaí ar eagla go gcuirfeadh sé an príomhoide faoi bhrú.

PRÍOMH-MHOLTAÍ

16. Déanann an tuarascáil na moltaí seo a leanas:

- Ba chóir do sholáthróirí cúrsaí INSET éirí níos onnghníomhaí maidir le sainriachtanais traenála na ngaelscoileanna agus múinteoirí aonair a aithint agus dul i gcomhairle go díreach le baill foirne ar shaincheisteanna a bhaineann lena bhforbairt ghairmiúil.

- Ba chóir do sholáthróirí cúrsaí INSET iniúchadh a dhéanamh ar an ghá agus ar na costais a bhaineann le hábhair INSET a chur ar fáil i nGaeilge do ghaelscoileanna chun riachtanais fhorbairt ghairmiúil na múinteoirí a shásamh. Ós rud é go bhfuil gaelscoileanna ar fud na mBord Oideachais agus Leabharlainne uile, ba chóir go mbeadh cothromaíocht soláthair ann d'ábhair INSET do mhúinteoirí sna gaelscoileanna i nGaeilge sa dóigh chéanna a gcuirtear ar fáil é do mhúinteoirí sna scoileanna lán-Bhéarla.

- Ba chóir do mhúinteoirí agus phríomhoidí na ngaelscoileanna tairbhe a bhaint as soláthar iomlán na gcúrsaí INSET atá cuí. Ba chóir do sholáthróirí, áfach, eolas a chur ar riachtanais chultúrtha agus teangeolaíochta na gaelscolaíochta agus tuiscint a bheith acu dóibh, ionas gur féidir measúnú a dhéanamh ar cé chomh cuí agus atá sé cúrsa INSET a chur ar fáil i nGaeilge.

- Ba chóir do sholáthróirí INSET machnamh cúramach a dhéanamh ar an líon is lú freastail a d'fhágfadh gurbh fhiú cúrsa INSET a reáchtáil a dhíríonn ar an ghaelscolaíocht amháin, de thairbhe líon na múinteoirí bheith i bhfad níos lú san earnáil sin.

- Ba chóir do sholáthróirí cúrsaí INSET cuimhne a choinneáil ar cé chomh hóg agus atá cuid de na múinteoirí agus na príomhoidí sna

gaelscoileanna agus an easpa taithí a d'fhéadfadh bheith ag cuid acu. Thabharfadh sé sin le fios go bhfuil gá le hoiliúint san fhorbairt ghairmiúil a bhaineann le teagasc i ngaelscoil agus le gaelscoil a bhainistiú go sonrach. Mar shampla, seans nach gcomhlíonann na múinteoirí sin, ar spéis leo an Cháilíocht Ghairmiúil le haghaidh Ardmháistreachta (CGA), na critéir chun iontráil ar an chúrsa, mar gheall ar an easpa taithí atá acu i gcúrsaí ceannaireachta agus bainistíochta.

- Mar gheall ar an bhrú breise a bhaineann le feidhmiú i ngaelscoil mar phríomhoide a bhíonn ag teagasc chomh maith, tá sé níos deacra ag príomhoide den chineál sin cead a fháil freastal ar chúrsaí INSET, i gcomparáid le príomhoide nach mbíonn ag teagasc. Ba chóir aitheantas a thabhairt dó seo, agus breithniú cuí a dhéanamh ar a gcás. Seans go bhféadfaí freastal orthu sin go sonrach taobh amuigh d'uaireanta scoile.

- Ba chóir soláthar a dhéanamh le haghaidh cáilíochtaí páirtaimseartha BOM do na múinteoirí sin atá ag feidhmiú mar mhúinteoirí ionaid go fadtéarmach sna gaelscoileanna, ionas go mbeadh an deis acu stádas "cáilithe le teagasc a dhéanamh" a bhaint amach.

- I gcás na múinteoirí agus na bpríomhoidí in earnáil na gaelscolaíochta nach bhfuil eilimint a bhaineann leis an ghaelscolaíocht go sonrach ina gcuid cáilíochtaí, ba chóir spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dóibh ionas go bhfaighidh siad an t-eolas, na scileanna agus na teicníochtaí atá de dhíth a bhaineann leis an ghaelscolaíocht.

- Cuireadh béim ar sholáthar INSET ar an litearthacht sa ghaelscolaíocht mar limistéar a raibh tuilleadh forbartha de dhíth air. Tá gá le cúrsaí a thugann treoir do mhúinteoirí ar straitéisí litrithe a fhorbairt, teagasc na fónaice, agus léitheoireacht/scríbhneoireacht chruthaitheach, mar aon le cothromaíocht cheart a bhaint amach i dteagasc na Gaeilge agus an Bhéarla do dhaltaí ionas go n-éireoidh siad lánchumasach sa dá theanga.

- Iarrtar go mbeadh cúrsaí INSET ann i nGaeilge a dhíreodh go sonrach ar an tsaintéarmaíocht a úsáidtear sa seomra ranga d'ábhair ar leith.

- Moladh gur chóir fóram réigiúnach nó cnuaschruinnithe a bhunú do phríomhoidí agus do mhúinteoirí gaelscoileanna. D'fhéadfaí seo a eagrú i gcomhar le scoileanna agus soláthróirí cúrsaí INSET, agus bheadh deis ag baill foirne laistigh den earnáil saincheisteanna comhleasa a ardú maidir le forbairt ghairmiúil sna gaelscoileanna.

- Luaigh príomhoidí aonaid lán-Ghaeilge go mbeadh traenáil i mbunsraitheanna agus i bprionsabail treoraithe na gaelscolaíochta/an oideachais dhátheangaigh úsáideach chun cuidiú leo agus iad ag labhairt le tuismitheoirí agus ag cur na hearnála chun tosaigh. Caithfidh INSET bheith dírithe ar na príomhoidí sin chun a bhféinmhuinín agus a gcumas a ardú.

- Le cur ar chumas múinteoirí agus príomhoidí freastal ar chúrsaí cuí INSET, tá géarghá le líon na múinteoirí atá cáilithe go cuí sa ghaelscolaíocht a ardú, daoine atá ábalta feidhmiú mar mhúinteoirí ionaid nuair is gá. Seans go mbeidh sé riachtanach líon na n-áiteanna a ardú atá ar fáil san ardoideachas do bhunoiliúint múinteoireachta .i. áiteanna a bhaineann leis an ghaelscolaíocht amháin.

- Caithfidh gaelscoileanna éirí níos onnghníomhaí agus bheith níos eolaí ar an soláthar INSET atá ar fáil. Ba chóir do phríomhoidí a chinntiú go bhfuil a fhios ag múinteoirí cén tacaíocht atá ar fáil ó thaobh forbartha gairmiúla de i réamheolaire/leabhráin INSET agus ba chóir do phríomhoidí múinteoirí a spreagadh chun freastal ar na cúrsaí sin.

MODHEOLAÍOCHT

17. I bhfómhar na bliana 2002 tugadh ceistneoir do mhúinteoirí agus do phríomhoidí sna bunscoileanna, iarbhunscoileanna agus aonaid lán-Ghaeilge uile i dTuaisceart Éireann. Bhíothas ag déanamh suirbhé chun a fháil amach cad é a bhí de dhíth ar mhúinteoirí agus ar phríomhoidí ó thaobh forbartha gairmiúla de agus cén taithí a bhí acu. Ag an am sin, bhí 25 bunscoil/aonad lán-Ghaeilge agus trí iarbhunscoil/aonad ann. Bhí tuairim is 165 múinteoir agus príomhoide sna scoileanna san iomlán. Tugadh cuairteanna ar gach scoil, rud a d'fhág go raibh an líon daoine seo

a leanas sásta an ceistneoir a líonadh isteach: 74% de na múinteoirí agus 72% de na príomhoidí sna bunscoileanna, 77% de na múinteoirí agus 67% de na príomhoidí sna hiarbhunscoileanna. Bhí na ceistneoirí a tugadh do na múinteoirí agus do na príomhoidí iontach cosúil lena chéile agus chlúdaigh siad ábhair ar nós: inscne, aois, bliain an ranga, blianta a caitheadh ag múineadh/ag obair mar phríomhoide; freagrachtaí atá ar an duine, cáilíochtaí; cúrsaí inseirbhíse ar fhreastail siad orthu agus cé chomh hábhartha agus a bhí siad; buntáistí agus caighdeán; cúrsaí inseirbhíse ba chóir a chur ar fáil; cúrsaí inseirbhíse atá le cur ar fáil i nGaeilge; tacaíocht a thugtar do dhaoine agus iad ag freastal ar chúrsaí inseirbhíse; agus fadhbanna a bhíonn ann nuair is mian le daoine freastal ar chúrsaí inseirbhíse. Tugadh an deis do mhúinteoirí agus do phríomhoidí fosta aon tuairimí eile a nochtadh maidir lena gcuid riachtanas forbartha gairmiúla, dá mba mhian leo.

18. Baill de chuid na foirne taighde a dhear agus a dhréacht an ceistneoir, agus i ndiaidh comhairliúcháin ag cruinniú leis an ghrúpa stiúrtha arna eagrú ag an RO don tionscadal seo, thángthas ar chomhaontú maidir leis an leagan deiridh a dháilfí ar na scoileanna.

19. Mar aon leis an suirbhé a dhéanamh le múinteoirí agus príomhoidí i ngaelscoileanna, rinneadh agallaimh leathstruchtúrtha le hionadaithe ó na cúig BOL, an Chomhairle Curaclaim, Scrúdúchán agus Measúnaithe (CCSM), an tAonad um Thraenáil Réigiúnach (ATR), ionadaithe ó Ollscoileanna agus Choláistí Ollscoile Thuaisceart Éireann, agus Comhairle na Gaelscolaíochta. Rinne na hagallaimh leathstruchtúrtha sin imscrúdú ar sholáthar reatha INSET atá ar fáil do mhúinteoirí agus phríomhoidí sna gaelscoileanna. Dhírigh ceisteanna ar na réimsí seo a leanas: cineálacha cúrsaí INSET a chuirtear ar fáil; líon na múinteoirí agus príomhoidí ó ghaelscoileanna a fhreastalaíonn ar chúrsaí inseirbhíse; craobhscaoileadh shonraí na gcúrsaí; cúnamh airgeadais; agus rudaí a d'fhéadfadh cur isteach ar dhaoine agus iad ag iarraidh freastal ar chúrsaí.

20. Chomh maith leis an suirbhé (ceistneoir agus agallaimh leathstruchtúrtha), rinneadh scrúdú ar na nithe seo a leanas: soláthar BOM do mhúinteoirí in earnáil na gaelscolaíochta agus na cáilíochtaí, "cáilithe le teagasc a dhéanamh" a bronnadh orthu, agus soláthar BOM do mhúinteoirí i dTuaisceart Éireann go ginearálta agus na cáilíochtaí "cáilithe le teagasc a dhéanamh" a bronnadh orthu. Rinneadh é sin trí athbhreithniú a dhéanamh

ar na leabhráin eolais a tháinig ó na hOllscoileanna agus ó na Coláistí Ollscoile i dTuaisceart Éireann faoi na struchtúir, na haidhmeanna, na hábhair agus na cineálacha cáilíochtaí a chuirtear ar fáil ar chúrsaí BOM ón pheirspictíocht ghinearálta agus ó pheirspictíocht na gaelscolaíochta.

AN TIONSCADAL

21. Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste a rinne an tionscadal taighde seo thar ceann na Roinne Oideachais. £19, 551 an costas a bhí air.

TUARASCÁIL IOMLÁN

22. Tá an tuarascáil iomlán, dar teideal "The Professional Development of Teachers and Principals in Irish-Medium Education" le Damian Knipe, Grace Bunting, Joe Ó Labhraí, Gabrielle Nig Uidhir agus Eibhlín Mhic Aoidh ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Oideachais ag www.deni.gov.uk/facts_figures/

Achoimre ar thuarascáil an taighde is ea an páipéar seo agus, dá thairbhe sin, is iad tuairimí na n-údar a nochtar ann agus ní gá gurb ionann iad agus tuairimí na Roinne Oideachais.

ACHOIMRÍ TAIGHDE NA ROINNE OIDEACHAIS (Ó 2000 AR AGHAIDH)

Three years later: a follow-up survey of teachers who qualified in 1995	RB 1/2000
Immersion education: a literature review	RB 2/2000
From pre-school to school: a review of the research literature	RB 3/2000
The effects of the selective system of secondary education in Northern Ireland	RB 4/2000
Department of Education funded research 2000/01	RB 1/2001
Assessment of the effectiveness of the Youth Service Community Relations Support Scheme (YSCRSS) during 1998/1999 and 1999/2000, in relation to the needs of youth and community groups	RB 2/2001
An investigation of the provision for health education in schools during 1998/99	RB 3/2001
Careers provision in schools at Key Stages 3 and 4	RB 1/2002
Evaluation of Raising School Standards Initiative (RSSI) using Value Added measures of school performance	RB 2/2002
Literature review: effectiveness of different forms of interventions in the schools and youth sectors	RB 3/2002
Outcomes for pupils who received an Irish-Medium education	RB 4/2002
Multiply-suspended pupils: their educational career and support projects available to them	RB 5/2002
Reducing the bureaucratic burden on schools	RB 6/2002
Developing linguistic accuracy in Irish-Medium primary schools	RB 7/2002

Bullying in schools: a Northern Ireland study	RB 8/2002
Community use of schools: an international literature review	RB 1/2003
Department of Education funded research 2002/03	RB 2/2003
A study of careers education and guidance	RB 1/2004
Out of School Hours Learning provision and school improvement in Northern Ireland	RB 2/2004

CUSPÓIR ACHOIMRÍ TAIGHDE NA ROINNE OIDEACHAIS

Is mór ag an Roinn Oideachais (RO) torthaí taighde a scaipeadh go forleathan chun a chinntiú go mbíonn an tionchar is mó is féidir ag an taighde ar pholasaí agus ar chleachtas san oideachas. Deartar Achoimrí Taighde na RO chun torthaí taighde tarraingteacha, suimiúla ar furasta teacht orthu a chur ar fáil do lucht déanta polasaí, do mhúinteoirí, do thaighdeoirí, do léachtóirí, d'fhostóirí agus don phobal sa dóigh go mbeidh siad in inmhe saincheisteanna oideachais a phlé agus bunús lena gcuid eolais. Ní féidir le taighde cinneadh a dhéanamh ar son lucht déanta polasaí agus ar son daoine eile a bhfuil dúil acu cáilíocht an oideachais a fheabhsú. Ná ní féidir leis an taighde féin an t-athrú a chur i gcrích. Mar sin féin, is féidir dúshraith níos fearr a leagan síos le haghaidh cinntí, trí fhaisnéis a chur ar fáil agus trí mhíniú a thabhairt ar chleachtas an oideachais agus trí smaointe agus réamhthuairimí a shoiléiriú agus a cheistiú.

Is féidir teacht ar an réimse iomlán d'Achoimrí Taighde ag láithreán gréasáin na RO-www.deni.gov.uk/facts_figures/

Is féidir fótachóip a dhéanamh d'Achoimrí Taighde RO le húsáid laistigh de d'institiúid féin.

Is féidir líon teoranta cóipeanna breise a fháil ón seoladh seo thíos:

An Brainse Staidrimh agus Taighde
Seomra G2, Foirgneamh Nua
An Roinn Oideachais
Teach Rath Giall
Bóthar Bhaile Aodha
BEANNCHAR
Co an Dúin BT19 7PR

Guthán: 028 9127 9391
Facs: 028 9127 9594
ríomhphost: statistics2@deni.gov.uk

Arna chur in eagar agus arna sholáthar ag An Bhrainse Staidrimh agus Taighde, An Roinn Oideachais